| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad a rinne tú don Nollaig? | What did you do for Christmas? |
| **2.** | Cá ndeachaigh tú don Nollaig? | Where did you go for Christmas? |
| **3.** | Cad a d'ith tú don Nollaig? | What did you eat for Christmas? |
| **4.** | An bhfuair tú bronntanas deas? | Did you receive a nice gift? |
| **5.** | An bhfuil rún déanta agat don Athbhliain? | Have you made a resolution for the New Year? |
| **6.** | An bhfuil tú ag iarraidh aon rud nua a dhéanamh san athbliain? | Are you wanting to do anything new in the new year? |

| | ***Teach na gColúr***<br>**Aisling Ní Leidhin agus Liam Mac Amhlaigh** | ***The Dove House***<br>**Aisling Ní Leidhin and Liam Mac Amhlaigh** |
|---|---|---|
| **1.** | Chonaic Iryna foirgneamh le dhá shimléar ón eitleán, dathanna dearga agus bána orthu ar aon. | Iryna saw a building with two chimneys from the plane, both of them red and white. |
| **2.** | N'fheadar cad a bhí iontu? | What could they have been? |
| **3.** | Ach ní raibh deis aici mórán ama a chaitheamh ar na smaointe sin. | But she didn't have a chance to spend much tim eon those thoughts. |
| **4.** | Thuirling an t-eitleán ar thalamh na hÉireann de phlimp. | The plan landed on Irish soil with a plump. |
| **5.** | Nuair a bhí sé ceadaithe an crios slándála a bhaint, tháinig sí anuas staighre an eitleáin. | When it was permitted to remove the seatbelt, she came down the stairs of the plance. |
| **6.** | Bhí sí tar éis a "talamh dúchais" a shroichint. | She had just reached her "native land". |
| **7.** | Go tobann, leagadh chun na talún í. | Suddenly, she was knocked to the ground. |
| **8.** | Dhá mhadra fíochmhara a leag í. | Two vicious dogs had knocked her down. |
| **9.** | Léim Iryna suas. | Iryna jumpe dup. |
| **10.** | Bhreathnaigh sí timpeall uirthi. Madraí! | She looked around her. Dogs! |
| **11.** | "Cé leis na hainmhithe sin?" a dúirt sí agus í réidh le híde béil a thabhairt dóibh. | "Whose animals are those?" she said, ready to tell them off. |
| **12.** | Bhí beirt fhear ina seasamh in aice léi. | There were two men standing next to her. |
| **13.** | "Tar linn," arsa duine acu. | "Come with use," one of them said. |
| **14.** | Rug an fear eile greim uirthi. | The other man grabbed her. |
| **15.** | "A leithéid d'fháilte, níor shíl mé riamh," arsa Iryna léi féin. | "Such a welcome, I never thought," Iryna said to herself. |
| **16.** | "N'fheadar cé atá iontu?" | "I wonder who they are?" |
| **17.** | Thosaigh sí a rá os ard, "Saoránach de chuid na hÉireann agus na Polainne atá ionam. | She began to say aloud, "I am a citizen of Ireland and Poland." |
| **18.** | Cén fáth go bhfuil sibh ag plé liom mar sin?" | "Why are you treating me like this?" |
| **19.** | Lean Iryna an bheirt fhear agus na madraí taobh thiar di. | Iryna followed the two men with the dogs behind her. |
| **20.** | Bhí smaointe éagsúla ag rásaíocht trína cloigeann. | Various thoughts were racing through her head. |
| **21.** | Dúradh léi dul isteach i seomra beag. | She was told to go into a small room. |
| **20.** | Os cionn an dorais, bhí comhartha mór crochta leis na focail: "Oifig Chustaim, Aerfort Átha Cliath." | Above the door, there was a big sign hanging with the words: "Customs Office, Dublin Airport." |
| **20.** | "Buíochas le Dia na glóire," arsa Iryna agus an fógra sin léite aici, "ní coirpigh atá sna fir seo." | "Thanks got God," said Iryna after having read that sign, "these men are not criminals." |

| | **Ceisteanna** | **Questions** |
|---|---|---|
| **1.** | Cad is ainm don chailín sa scéal? | What is the girl's name in the story? |
| **2.** | Cá raibh sí? | Where was she? |
| **3.** | Cén tír as ar tháinig sí? | Which country did she come from? |
| **4.** | Cad a tharla di? | What happened to her? |
| **5.** | Cé hiad na fir sa scéal? | Who are the men in the story? |
| **6.** | Cén fáth gur leag na madraí í, meas tú? | Why do you think the dogs knocked her down? |
| **7.** | An raibh tú in Oirthear na hEorpa riamh? | Were you ever in Eastern Europe? |